# GAEL-LINN TEORANTA

## GRÚPRÁITIS AIRGEADAIS
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014**

**GAEL-LINN TEORANTA**
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**
**TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014**

---

CLÁR


| CLÁR | Leathanach |
|---|---|
| Stiúrthóirí agus eolas breise | 2 |
| Tuarascáil na stiúrthóirí | 3 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 7 |
| Ráiteas ar na polasaithe cuntasaíochta | 9 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa | 11 |
| Ráiteas ar iomlán na ngnóthachán agus na gcaillteanas aitheanta ar 31 Nollaig 2014 | 12 |
| Réitigh ghluaiseacht na gcistí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 | 12 |
| Clár comhardaithe an ghrúpa | 13 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 14 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa | 15 |
| Nótaí ar na grúpchuntais | 16 |
| Eolas breise maidir leis an ngrúpa | 27 |
| Aguisín A - Láimhdeachas crannchur | 29 |

---

| | |
|---|---|
| **STIÚRTHÓIRÍ** | Ciarán Mac an Bhaird (Cathaoirleach)<br>Antoin Delap<br>Gearóid de Briotún<br>Aine Hensey<br>Úna Ní Cheallaigh<br>Caoimhín Ó Peatáin |
| **PRÍOMHFHEIDHMEANNACH** | Antoine Ó Coileáin |
| **RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE** | Máire Harris<br>35 Sráid an Dáma<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **INIÚCHÓIRÍ** | Crowe Horwath<br>Bastow Charleton<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe<br>Teach na Mara<br>Cúirt Chlann Liam<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **PRÍOMHBHAINCÉIRÍ** | AIB Banc Cpt<br>1 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| | Banc KBC<br>Sráid Sandwith<br>Baile Átha Cliath 2 |
| | Rabo Direct<br>Saorphost F4006<br>PO Box 10152<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **DLÍODÓIRÍ** | Eugene F. Collins<br>3 Bóthar Burlington<br>Baile Átha Cliath 4 |

**GAEL-LINN TEORANTA**
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**
**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014**

---

Leis seo cuireann na Stiúrthóirí i láthair a dTuarascáil Bhliantúil agus na grúpráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

## AN EAGRAÍOCHT

Is cuideachta atá corpraithe faoi theorainn ráthaíochta na cuideachta í Gael-Linn Teoranta, gan scairchaipiteal. Tá Gael-Linn Teoranta faoi rialú ag a Mheabhrán Comhlachais agus faoi bhainistiú ag an mBord Stiúrtha. Tá Gael-Linn Teoranta cláraithe mar charthanas [tag: CHY5676].

Is í Gael-Linn Teoranta máthairchuideachta an ghrúpa seo agus tá aon fhochuideachta amháin ar lánúinéireacht aici, Cairde Gael-Linn Teoranta. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal í Cairde Gael-Linn Teoranta agus tá an chuideachta sin cláraithe mar charthanas chomh maith [tag: CHY6647].

## RÁITEAS MISIN NA CUIDEACHTA

Aithneofar Gael-Linn mar eagraíocht náisiúnta, atá ábharach, dinimiciúil agus tionscantach agus a chruthaíonn deiseanna tarraingteacha, inrochtana do chách chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, mar bheotheanga ina comhthéacs cultúrtha.

## FOIREANN AGUS IONAID OIBRE

Feidhmíonn Gael-Linn ar fud Éireann uile, thuaidh agus theas, le Ceannáras atá lonnaithe i lár Bhaile Átha Cliath agus fo-oifig in Ard Mhacha.

Úsáidtear ceithre ionad eile do chúrsaí samhraidh Gaeltachta, idir chúrsaí d'aosaigh agus chúrsaí do dhéagóirí, mar atá: Gaoth Dobhair, Machaire Rabhartaigh agus Bun an Inbhir, i gContae Dhún na nGall agus Baile Bhúirne i gContae Chorcaí.

## GNÍOMHCHLÁR NA hEAGRAÍOCHTA

Fréamhaithe i dtraidisiún na heagraíochta - ceannródaíoch, tionscantach, praiticiúil - tá gníomhchlár Gael Linn leathan, suntasach agus spreagúil. Freastalaíonn an clár ar riachtanais na Gaeilge agus a pobail, ar bhonn praiticiúil, réalaíoch agus gairmiúil. Tá Gael-Linn ag freastal ar an bpobal, go háirithe sna réimsí óige agus oideachais, le seirbhísí, imeachtaí agus táirgí, praiticiúla, éifeachtacha. Cuimsíonn an gníomhchlár seo:

- Cúrsaí teagaisc Gaeilge d'aosaigh sa samhradh agus i rith na bliana, sa Ghaelacht agus lasmuigh di;
- Cúrsaí teagaisc Gaeilge do dhéagóirí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di;
- Sainchúrsaí Gaeilge do chomhlachtaí agus d'institiúidí;
- Foilsiú áiseanna tacaíochta foghlama do dhaltaí iarbhunscoile agus áiseanna teagaisc Gaeilge do mhúinteoirí;
- Raon imeachtaí do dhaltaí bunscoile a chuimsíonn spórt, na healaíona stáitse agus imeachtaí
- taitneamhacha mar quizboird;
- Clár imeachtaí suntasach d'iarbhunscoileanna a chuimsíonn díospóireachtaí, caint phoiblí, ceol agus déanamh cláir raidió;
- Ócáidí do mhic léinn ag an tríú leibhéal;
- Ócáidí siamsaíochta don phobal;
- Eisiúint scoth an cheoil agus na hamhránaíochta ar lipéad Gael-Linn;
- Gnóthaí cistíochta le cuidiú le maoiniú gníomhchlár Gaeilge na heagraíochta.

Le linn 2014, bhí an-rath ar na scéimeanna do dhaoine óga, le leibhéal páirtíochta cothrom le, nó níos fearr ná blianta eile den chuid is mó. D'éirigh go maith leis na cúrsaí agus leis an gclár imeachtaí d'aosaigh. Bhí titim i líon na sainchúrsaí a eagraíodh taobh amuigh den Cheannáras ach sheas an t-éileamh ón bpobal. Maidir le cúrsaí foilsitheoireachta, tá sciar maith den spriocmhargadh ag na teidil s'againne, go háirithe Dréimire. Tréimhse thorthúil a bhí ann don lipéad ceoil, le torthaí airgeadais ar sprioc agus mórán eisiúintí déanta idir úr agus shean le linn na bliana.

Le blianta beaga anuas, rinne Foras na Gaeilge athbhreithniú maidir le maoiniú na hearnála deonaí. Le linn na tréimhse, bhí léiriú spéise, aighneacht agus agallamh le cur i gcrích ag Gael Linn. An toradh ó thaobh Gael Linn de ná go bhfuil Gael Linn anois aitheanta ar cheann den sé cheanneagraíocht a bheidh á maoiniú feasta. Na feidhmeanna atá bronnta ar Gael Linn ná 'Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile (i ngach earnáil)'. Tháinig an córas úr i bhfeidhm ar 1 Iúil 2014. Tá Gael Linn anois ag tabhairt faoi na cúraimí atá bronnta ar an eagraíocht.

Tá Gael Linn mar bhall den Fhóram Comhpháirtíochtaíochta leis na ceanneagraíochtaí eile agus le Foras na Gaeilge. Ina theannta sin, tá Gael Linn mar bhall den Fhóram Forbartha Teanga don oileán, atá comhdhéanta de ghrúpaí agus eagrais phobail atá maoinithe ag Foras na Gaeilge.

Forbairt shuntasach 'sea an Ghaelbhratach, scéim a thionscain Gael Linn chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i mbunscoileanna. Tá an scéim phíolótach anois á maoiniú ag Foras na Gaeilge agus tá Gael Linn ag plé le bunscoileanna ag an iarbhunscoileanna. Tá an scéim seo ag dul ó neart go neart.

Fuair Gael Linn €163K ón gCiste Cúiteamh Crannchur don bhliain 2014. Tá fógra faighte ón Roinn Dlí, Comhionnais agus Athchóirithe go bhfuil deireadh le teacht leis an gciste faoi dheireadh 2015.

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ullmhú na ngrúpráiteas airgeadais de réir dlíthe ábhartha agus chaighdeán cuntasaíochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais agus atá fógartha ag an mBord um Chleachtais Chuntasaíochta in Éirinn. Freisin, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an chomhlachta don tréimhse sin. In ullmhú na ráiteas sin, caithfidh na stiúrthóirí polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí agus breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus réasúnta.

Dearbháionn na stiúrthóirí gur shásaigh siad na riachtanais luaite thuas.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a choimeád a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag aon am staid airgeadais an chomhlachta agus a chuirfidh ar a gcumas a bheith cinnte go gcomhlíonann na ráitis airgeadais rialacha Achtanna na gComhlachtaí 1963 go 2013, mar a bhaineann siad le comhlachtaí faoi theorainn ráthaíochta. Coimeádtear na leabhair chuntasaíochta ag an oifig chláraithe, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. Freisin, tá siad freagrach as sábháilteacht sócmhainní an chomhlachta chomh maith le bearta réasúnta a thógáil chun caimiléireacht nó gnóthaí cama a stopadh nó a thabhairt chun solais.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Barrachas na tréimhse airgeadais | 138 | 113 |
| Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí | 372 | 318 |
| (Caillteanas) Brabús achtúire aitheanta | (557) | 421 |
| Iomlán gnóthacháin agus caillteanas aitheanta na tréimhse | (47) | 852 |
| Fuílleach ag tús na bliana | 9,556 | 8,704 |
| Fuílleach ag deireadh na bliana | 9,509 | 9,556 |

## STRUCHTÚR AN GHRÚPA

Is í Gael-Linn Teoranta máthairchuideachta an ghrúpa seo agus tá aon fóchuideachta amháin ar lánúinéireacht aici, Cairde Gael-Linn Teoranta (cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal CHY 6647). Tá toradh na fóchuideachta ar áireamh sna grúpchuntais.

## STIÚRTHÓIRÍ

Liostáltar na Stiúrthóirí reatha ar leathanach 2.
D'éirigh Antoine Ó Coileáin as mar stiúrthóir ar 20 Méan Fómhair 2014.
Ceapadh Caoimhín Ó Peatáin mar stiúrthóir ar 20 Méan Fómhair 2014.

## RÁITEAS GAEL LINN MAIDIR LE THREOIRPHRIONSABAIL UM THIOMSÚ AIRGID

Tá Gael Linn tiomanta an Ráiteas de Threoirphrionsabail um Thiomsú Airgid a chomhlíonadh.

Aidhmeanna an Ráitis ná:
- Cleachtais tiomsaithe airgid a fheabhsú.
- Ardleibhéil chuntasachta agus oscailteachta a chur ar fáil do thacadóirí agus don phobal.
- Soiléire agus cinnteacht a sholáthar maidir leis na heagraíochtaí a thugtar tacaíocht dóibh.

Bhreithnigh Gael Linn ar an Ráiteas agus creideann na stiúrthóirí go bhfuil na caighdeáin leagtha amach ann bainte amach ag Gael Linn.

Is féidir na ráitís seo a leanas a léamh ar shufomh Gael Linn:
- Cairt Tacadóirí
- Ag Láimhseáil Aischothaithe agus Gearán
- Gealltanas i leith Caighdeáin i gCleachtas Tiomsaithe Airgid

## PRÍOMHFHIONTAIR AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

*Fiontair airgeadais: cuspóir agus polasaithe*

Úsáidtear ionstraimí airgeadais chun gnó na heagraíochta a fheidhmiú. Na príomh-fhiontair a bhaineann le hionstraimí airgeadais na heagraíochta (airgead sa bhanc agus ar lámh, rótharraingt bainc, fiachóirí agus creidmheasóirí) ná rioscaí maidir le rátaí úis, rioscaí airgeadra, rioscaí creidmheasa agus rioscaí leachtachta.

*Rioscaí airgeadais agus rátaí úis*

Príomhchuspóir na heagraíochta maidir le bainistiú rátaí úis ná tionchar aon athruithe rátaí úis ar chostais úis a laghdú oiread is is féidir, ar mhaithe le dea-riaradh airgeadais.

*Rioscaí airgeadra*

Déantar gníomhaíochtaí na heagraíochta sa Bhreatain trí sterling. Dá bhrí sin, tá rioscaí íseal maidir le cúrsaí airgeadra.

*Rioscaí leachtachta agus sruth airgid*

Is é polasaí na heagraíochta maidir le rioscaí leachtachta ná a dheimhniú go bhfuil go leor acmhainní airgeadais ar fáil, idir airgead sa bhanc, rótharraingt bainc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha, chun gach dliteanas a shásamh de réir mar is gá.

*Rioscaí creidmheasa*

Níl aon chomhchruinniú suntasach ag an eagraíocht maidir le rioscaí creidmheasa. Déantar dianscrúdú ar chustaiméirí nua sula bhfaigheann siad aon chreidmheas agus déantar monatóireacht rialta orthu.

## LEABHAIR CHUNTASAÍOCHTA

Chun leabhair chearta cuntasaíochta a choimeád de réir alt 202 d'acht na gComlachtaí 1990, tá foireann cháilithe cuntasaíochta fostaithe ag na stiúrthóirí agus tá córais ríomhchuntasaíochta coinnithe acu. Coimeádtar na leabhair ag an oifig chláraithe.

## CÁIN

Níl aon cháin le híoc ag an gcuideachta de bharr forálacha Ailt 207 agus 208 d 'Acht Cánacha Comhdhlúite 1997 (uimhir charthanachta CHY 5676).

## INIÚCHÓIRÍ

Chuir Crowe Horwath Bastow Charleton, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig faoi réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963.

## STAID GNÓTHAIS Ó DHÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Tá na stiúrthóirí den tuairim go bhfuil staid gnóthais an ghrúpa sásúil agus nach bhfuil aon athrú suntasach ó dháta an chláir chomhardaithe.

**THAR CEANN AN BHOIRD :**

)
**Stiúrthóirí**
)

**Dáta : ...............................**

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHALTAÍ GAEL-LINN TEORANTA**

---

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Gael-Linn Teoranta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 ar leathanaigh 9 go 25. Réitíodh na ráitis airgeadais faoi nósmhaireacht an chostais stairiúil mhaolaithe trí athluacháil a dhéanamh ar shócmhainní seasta áirithe agus na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais ná dlí na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn).

Déantar an tuarascáil seo a thíolacadh do bhaill na cuideachta amháin, mar ghrúpa, de réir Ailt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta le go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill na cuideachta na gnóthaí úd, a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú dóibh, agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid orainn féin le freagracht d'éinne seachas an chuideachta agus baill na cuideachta, mar ghrúpa, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí atá ceaptha againn.

## FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ AGUS INIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH

Mar a mhínítear níos iomláine i dtuarascáil na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun dearcadh cothrom ceart a thabhairt. Is é ár bhfreagracht ná iniúchadh a dhéanamh agus ar thuairim maidir le na ráitis airgeadais a chur in iúl i gcomhréir le dlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

## SCÓIP AN INIÚCHADH AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil faoi na méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áiríonn sé seo measúnú ar: cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta déanta ag na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus aon nochtadh ábhartha atá cosúil mícheart a bhfuil bunaithe ar, nó neamhréir ábhartha leis, an t-eolas a fuarthas le linn a fheidhmeanna an iniúchta a aithint. Má thugaimid faoi deara aon mhíráitis dhealraitheacha nó neamhréireachtaí déanaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil a mheas.

## BARÚIL

Is é ár mbreithiúnas ar na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh cothrom ceart de réir dlí ábhartha a d'eisigh Bord um Chleachtais Chuntasaíochta na hÉireann agus a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, ar staid ghnóthaí an chomhlachta agus an ghrúpa mar atá ar an 31 Nollaig 2014 agus ar an toradh don bhliain atá críochnaithe, agus
- tá na ráitis ullmhaithe i gceart de réir rialacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 agus rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais).

---

## NITHE AR GHÁ DÚINN A THUAIRISCIÚ DE RÉIR ACHTANNA NA gCUIDEACHTAÍ 1963 GO 2013

- Tá gach eolas agus mínithe faighte againn a gceapaimid a bheith ag teastáil chun an t-iniúchadh seo a chur ar fáil.
- Inár dtuairim, tá leabhair chearta chuntasaíochta coimeádta ag an gcomhlacht seo.
- Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.
- Is é ar mbreithiúnas go gcloíonn an t-eolas i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais.

## NITHE AR GHÁ DÚINN A THUAIRISCIÚ DE RÉIR EISCEACHTA

Níl aon rud le tuairisciú i ndáil leis na forálacha in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a mbeadh gá orainn a thuairisciú dá mba rud é, inár dtuairim, nach raibh nochtuithe luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe déanta de réir an dlí.

**Sínithe:**

**Ar son agus thar ceann:**

**Crowe Horwath**
**Bastow Charleton**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Teach na Mara**
**Cúirt Chlann Liam**
**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta:**

Feidhmítear príomhpholasaithe cuntasaíochta na cuideachta seo a leanas, chun déileáil le rudaí a meastar a bheith ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais:

**BUNÚS CUNTASAÍOCHTA**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi nósmhaireacht an chostais stairiúil mhaolaithe trí athluacháil a dhéanamh ar shócmhainní seasta áirithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomh maith de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus Achtanna na gComhlachtaí 1963 go 2013. Is iad na cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn in ullmhú na ráitis airgeadais a thugann dearcadh cothrom ceart, ná na cinn arna fhoilsiú ag Bord um Chleachtais Iniúchóireachta na hÉireann a d'eisigh an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

**AITHINT IONCAIM**

Aithnítear ioncam le cur sna ráitis airgeadais nuair atá an grúpa i dteideal an ioncaim go dleathlach, nuair is geall a bheith cinnte go n-íocfar é agus is féidir na suimeanna a thomhas le cruinneas dóthanach.

**BUNÚS COMHDHLÚTHAITHE**

Tógann na grúpráitis airgeadais, ráiteas airgeadais na cuideachta agus a fóchuideachta san áireamh tar éis gach idirbhearta agus fuílleach gaolmhar a bheith curtha as.

**STOC**

Maidir le luacháil stoic, glactar leis an mbunchostas nó luach an stoic ar an margadh, cibé is lú.
Áirítear costais mar a leanas:

earraí críochnaithe agus solathar oibriúcháin; costas de réir an tsonraisc agus aon chostais ghaolmhara eile.

**SÓCMHAINNÍ SEASTA**

Taispeántar na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnaithe.

Meastar dímheas ar mhodh an líne dhírigh ionas go ndíscríobhtar na sócmhainní seasta thar an tréimhse go mbíonn siad inúsáidte. Is iad seo a leanas na príomhrátaí dímheasa:

| | | |
|---|---|---|
| Troscán agus Uirlisí Oifige | - | 20% - 33 1/3% |
| Sealúchas Saorsheilbhe | - | 1 ¼% (Foirgnimh amháin) |

**SEALÚCHAS INFHEISTÍOCHTA**

Taispeántar sealúchas infheistíochta ar luach an mhargaidh agus ní dhéantar dímheas air.

**INFHEISTÍOCHTAÍ INMHARGAIDH**

Taispeántar infheistíochtaí inmhargaidh ar luach an mhargaidh oscailte ag 31 Nollaig 2014. Cuimsítear gníomhaíochtaí na tréimhse in ioncaim ó infheistíochtaí.

**SÓCMHAINN DHOLÁIMHSITHE**

Tá an costas ag baint le na cearta a fuair siad chaipitlithe sa clár comhardaithe agus tá sé amúchta thar tréimhse cúig bliana, an saol úsáideach de na cearta faighte.

**DEONTAIS RIALTAIS**

Tógtar na deontais reatha san áireamh sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha sa chuntas sochair agus dochair. Scaoiltear deontais de ghné chaipitil thar a shaol úsáideach go dtí an ioncam agus caiteachas.

**SCÉIM PINSIN**

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsin socharshainithe arna gá ranníocaíochtaí a íoc do scéim a riartar ar leithligh. Aithnítear costais na scéime seo ar bhonn córasach go bhféadfaidh na costais a bhaineann le sochair scoir na foirne a bheith incurtha le saolta seirbhíse na foirne i gceist, go cothrom, chomh fada agus is féidir. Nochtar aon ró-luach nó easnamh i luach achtúire sócmhainní thar luach achtúire dócmhainní na scéime mar shócmhainn nó dócmhainn ar an gclár comhardaithe.

**ÚS ISTEACH**

Áirítear ioncam ó chistí curtha i dtaisce agus infheistíochtaí ghearrthéarmacha mar ioncam sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Tugtar cuntas sa bhliain inar éirigh sé.

GAEL-LINN TEORANTA
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)
CUNTAS IONCAM AGUS CAITEACHAIS AN GHRÚPA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

| | NÓTAÍ | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| IONCAM | 2 | 3,011 | 3,066 |
| Costas na n-earraí díolta | | (1,711) | (1,812) |
| BARRACHAS COMHLÁN | | 1,300 | 1,254 |
| Teacht isteach eile | 3 | 375 | 394 |
| IOMLÁN TEACHT ISTEACH | | 1,675 | 1,648 |
| Imchostais oibriúcháin | | (1,537) | (1,535) |
| BARRACHAS ROIMH CHÁIN | 4 | 138 | 113 |
| Cáin | 6 | - | - |
| BARRACHAS TAR ÉIS CÁNACH | 20 | 138 | 113 |

Bhí na ráitis airgeadais formheasta agus údaraithe le haghaidh eisiúna ag an mBord Stiúrtha ar an ................................ agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:

)
Stiúrthóirí
)

GAEL-LINN TEORANTA
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)
RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHÁN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA
AR 31 NOLLAIG 2014

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Barrachas na tréimhse airgeadais | 138 | 113 |
| Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí | 372 | 318 |
| Brabús (caillteanas) achtúire aitheanta (nóta 13) | (557) | 421 |
| Athluacháil ar shócmhainní seasta | - | 950 |
| Iomlán gnóthacháin agus caillteanas aitheanta na tréimhse | (47) | 1,802 |

RÉITIGH GHLUAISEACHT NA gCISTÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Cúlchiste ioncaim ag tús na bliana | 9,556 | 7,754 |
| Iomlán gnóthacháin agus caillteanais aitheanta na tréimhse | (47) | 1,802 |
| Cúlchiste ioncaim ag deireadh na bliana | 9,509 | 9,556 |

GAEL-LINN TEORANTA
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)
CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA AR 31 NOLLAIG 2014

| | Notaí | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 7 | 985 | 1,003 |
| Sealúchas infheistíochta | 8 | 4,250 | 4,250 |
| Infheistíochtaí inmhargaidh | 9 | 2,055 | 1,704 |
| Infheistíochtaí neamhmhargaidh | 10 | 52 | 31 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | 22 | - |
| | | 7,364 | 6,988 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Stoc | 12 | 86 | 82 |
| Fiachóirí agus réamhíocaíochtaí | 13 | 174 | 417 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 3,076 | 3,032 |
| | | 3,336 | 3,531 |
| **DÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Creidmheasóirí agus costais fhabhraithe | 15 | (847) | (963) |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN** | | 2,489 | 2,568 |
| **DÓCMHAINNÍ FADTÉARMACHA** | | | |
| Cúlchiste dócmhainní agus muirir-pinsean | 14 | (344) | - |
| **SÓCMHAINNÍ LÚIDE DÓCMHAINNÍ** | | 9,509 | 9,556 |
| **COMHDHÉANTA MAR A LEANAS:** | | | |
| **FÚILLEACH AG DEIREADH NA BLIANA** | 20 | 8,172 | 8,219 |
| **CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA** | 21 | 1,337 | 1,337 |
| | | 9,509 | 9,556 |

Bhí na ráitis airgeadais formheasta agus údaraithe le haghaidh eisiúna ag an mBord Stiúrtha ar an ............................... agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:

)
Stiúrthóirí
)

GAEL-LINN TEORANTA
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)
CLÁR COMHARDAITHE NA CUIDEACHTA AR 31 NOLLAIG 2014

| | Notaí | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 7 | 985 | 1,003 |
| Sealúchas infheistíochta | 8 | 4,250 | 4,250 |
| Infheistíochtaí inmhargaidh | 9 | 2,055 | 1,704 |
| Infheistíochtaí neamhmhargaidh | 10 | 52 | 31 |
| Sócmhainn dholáimhsithe | 11 | 22 | - |
| | | 7,364 | 6,988 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Stoc | 12 | 86 | 82 |
| Fiachóirí agus réamhíocaíochtaí | 13 | 104 | 332 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 3,063 | 2,989 |
| | | 3,253 | 3,403 |
| **DÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Creidmheasóirí agus costais fhabhraithe | 15 | (847) | (918) |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN** | | 2,406 | 2,485 |
| **DÓCMHAINNÍ FADTÉARMACHA** | | | |
| Cúlchiste dócmhainní agus muirir-pinsean | 14 | (344) | - |
| **SÓCMHAINNÍ LÚIDE DÓCMHAINNÍ** | | 9,426 | 9,473 |

**COMHDHÉANTA MAR A LEANAS:**

| | Notaí | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **FÚILLEACH AG DEIREADH NA BLIANA** | 20 | 8,089 | 8,136 |
| **CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA** | 21 | 1,337 | 1,337 |
| | | 9,426 | 9,473 |

Bhí na ráitis airgeadais formheasta agus údaraithe le haghaidh eisiúna ag an mBord Stiúrtha ar an ................................ agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:

)
Stiúrthóirí
)

## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | Notaí | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|---|
| Sreabhadh/ (eis-sreabhadh) airgid ghlan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 16 | 54 | (16) |
| Gnóthachán ar infheistíochtaí agus seirbhísiú ar mhaoine | 17 | 29 | 48 |
| Costais chaipitil agus infheistíochtaí airgeadais | 18 | (39) | (17) |
| Sreabhadh airgid | | 44 | 15 |

**Réitigh Shreabhadh Airgid Ghlan go Gluaiseacht sa Chiste Glan**

| | Notaí | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|---|
| Sreabhadh airgid | | 44 | 15 |
| Fiacha glan ag tús na bliana | 19 | 3,032 | 3,017 |
| Fiacha glan ag deireadh na bliana | 19 | 3,076 | 3,032 |

## 1. IONCAM

'Sé ioncam gach cúlchiste ó fhoinsí a dhéanann an chuideachta, deontais agus ríchíosanna.

## 2. FOINSÍ IONCAIM

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Cistíocht | 868 | 972 |
| Ciste cúiteamh crannchur | 163 | 319 |
| Deontais | 924 | 692 |
| Múineadh na gaeilge | 685 | 705 |
| Foinsí eile | 371 | 378 |
| | 3,011 | 3,066 |

## 3. FOINSÍ CISTIÚCHÁIN- ACHMAINNÍ ISTEACH EILE

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Ioncam ó infheistíochtaí | 29 | 48 |
| Cíos | 346 | 346 |
| | 375 | 394 |

## 4. BARRACHAS (EASNAMH) ROIMH CHÁIN

Taispeántar an toradh roimh cháin tar éis na muiri seo a leanas a íoc (a fháil).

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Tuarastal, ÁSPC fostóra agus ranníocaíochtaí pinsin an stiúrthóir ar feidhmeannach é | 164 | 164 |
| Táillí iniúchóireachta | 27 | 23 |
| Seirbhísí eile curtha ar fáil ag na hiniúchóirí | 8 | 7 |
| Dímheas | 32 | 33 |
| Dímheas - socmhainní doláimhsithe | 3 | - |
| Deontais | (924) | (692) |

## 5. FOIREANN AGUS COSTAIS FOIRNE

An meánlíon daoine (príomhfheidhmeannach san áireamh) fostaithe i rith na tréimhse airgeadais ná 23 (2013:21).

Comhiomlán na méideanna iníoctha go dtí nó thar ceann na foirne ná iad seo a leanas:

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 885 | 840 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa na bhfostóirí | 83 | 77 |
| Costais phinsin eile le FRS17 san áireamh | 99 | 141 |
| | 1,067 | 1,058 |

Líon na bhfostaithe ar thuarastal sa bhreis ar €70,000:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| €100,000 - €110,000 | 1 | 1 |
| €80,000 - €90,000 | 1 | 1 |

Níl ÁSPC fostóra ná ranníocaíochtaí pinsin san áireamh.

## 5.1 AN BORD STIÚRTHA

Ní fhaigheann aon bhall den chuideachta tuarastal nó aon bhrabús pearsanta as an gcuideachta de dheasca a bheith ina stiúrthóir.

## 6. CÁIN

De réir forálacha Ailt 207 agus 208, An tAcht Cánacha Comhdhlúite 1997, tá an Chuideachta (uimhir charthanachta CHY 5676) díolmhaithe ó cháin toisc gur bunaíodh í le haghaidh cuspóirí carthanachta amháin.

## 7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | Sealúchas saorsheilbhe € '000 | Troscán uirlisí oifige € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **COSTAIS/LUACHÁIL** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2014 | 1,000 | 656 | 1,656 |
| Ceannacháin | - | 14 | 14 |
| Ag 31 Nollaig 2014 | 1,000 | 670 | 1,670 |
| **DÍMHEAS** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2014 | 17 | 636 | 653 |
| Costas | 17 | 15 | 32 |
| Ag 31 Nollaig 2014 | 34 | 651 | 685 |
| **FUÍLLEACH** | | | |
| Ag 31 Nollaig 2014 | 966 | 19 | 985 |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 983 | 20 | 1,003 |

Taispeántar sealúchas saorsheilbhe ar luach an mhargaidh €1,000,000. Rinne DTZ Sherry Fitzgerald an luacháil is deireanaí ar 5 Márta 2013.

## 8. SEALÚCHAS INFHEISTÍOCHTA AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Luach ag tús na bliana | 4,250 | 3,300 |
| Gnóthachán i rith na bliana | - | 950 |
| Luach ag deireadh na bliana | 4,250 | 4,250 |

Taispeántar sealúchas infheistíochta ar luach an mhargaidh €4,250,000. Rinne Hora Property Consultants an luacháil is deireanaí ar 26 Feabhra 2014.

## 9. INFHEISTÍOCHTAÍ INMHARGAIDH AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Luach ag tús na bliana | 1,704 | 1,410 |
| Meadú i rith na bliana | 351 | 294 |
| Luach ag deireadh na bliana | 2,055 | 1,704 |

Taispeántar sócmhainní seasta infheistíochtaí ar luach an mhargaidh ag 31 Nollaig 2014.

## 10. INFHEISTÍOCHTAÍ NEAMHMHARGAIDH AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar luach réadaithe infheistíochtaí neamhmhargaidh | 52 | 31 |

Taispeántar sócmhainní seasta infheistíochtaí neamhmhargaidh sna cuntais bunaithe ar mheastachán na stiúrthóirí ar luach réadaithe n-infheistíochtaí na mhargadh reatha.

## 11. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | 2014<br>€ '000 | 2013<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Luach ag 1 Éanáir | - | - |
| Ceannacháin i rith na bliana | 25 | - |
| Dímheas i rith na bliana | (3) | - |
| Luach ag 31 Nollaig | 22 | - |

Fuair an chuideachta na cearta eisiacha, ar mhíreanna áirithe a dháileadh le haghaidh díolacháin i rith na bliana. Tá an costas a bhain leis na cearta a fuair siad caipitlithe sa chlár comhardaithe agus tá sé amúchta thar thréimhse cúig bliana, saol-ré inúsáide na gcearta a fuarthas.

## 12. STOC AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Earraí críochnaithe agus soláthar oibriúcháin | 86 | 82 |

Ní raibh difríocht bhunúsach idir costas athsholáthair agus na figiúirí thuas.

## 13. FIACHÓIRÍ AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2014 | 2013 | 2014 | 2013 |
| | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 |
| Fiachóirí | 79 | 98 | 77 | 96 |
| Cáin bhreisluacha | 3 | 4 | 3 | 4 |
| Barrachas sa scéim pinsin (Nóta 13) | - | 131 | - | 131 |
| Réamhíocaíochtaí | 92 | 184 | 24 | 101 |
| | 174 | 417 | 104 | 332 |

## 14. CÚLCHISTE DÓCMHAINNÍ AGUS MUIRIR - PINSIN

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsin socharshainithe, maoinithe go heachtrach a chlúdaíonn roinnt de na fostaithe. Tá costais na scéime á riaradh ag caomhnóirí.

Déanann an chuideachta ranníocaíochtaí in aghaidh na bliana de réir tuairiscí ó achtúire cáilithe a fhaightear gach trí bliana agus a bhreactar chun dochair an chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain lena mbaineann siad. Is í táille phinsin don chuideachta don bhliain ná €99,000 (2013 : €141,000).

Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar 31 Nollaig 2014. Ríomhadh an measúnú achtúireach ag baint leas as an modh comhiomlán.

Faoi réir riachtanais Chaighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais, Sochair Scoir, tá na luachanna atá á n-úsáid sa nóta faisnéise seo bunaithe ar na luachálacha achtúireacha is déanaí agus tá siad nuashonraithe ag achtúirí neamhspleácha, cáilithe na scéimeanna indibhidiúla. Tá sócmhainní uile na scéimeanna tomhaiste ar a luach cóir ar dháta an chláir chomhardaithe.

**Boinn tuisceanna Airgeadais**
B'iad na príomhbhoinn tuisceanna airgeadais a d'úsáid achtúirí an Ghrúpa chun dliteanais an scéim pinsin a ríomh ná iad seo a leanas:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | % | % |
| Bonn tuisceana um bhoilsciú | 1.50 | 2.00 |
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 2.75 | 3.25 |
| Toradh ar shócmhainní ag tús na bliana a thuilleamh | 3.62 | 3.35 |
| Ráta in úsáid chun dliteanais na scéime a lascainiú | 1.80 | 3.75 |

| Sócmhainní na scéime ag 31 Nollaig 2014 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cothromais | 1,256 | 1,181 |
| Bannaí | 1,779 | 1,315 |
| Sealúchas | 73 | 43 |
| Airgead | 60 | 85 |
| | 3,168 | 2,624 |
| Luach na gconarthaí blianachta i gcoimeád na bpinsinéirí atá ann | 1,433 | 1,185 |
| | 4,601 | 3,809 |

## 14. CÚLCHISTE DÓCMHAINNÍ AGUS MUIRIR - PINSIN (AR LEAN)

**Costais phinsin**

| | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse faoi láthair | 38 | 33 |
| Costas úis | 95 | 88 |
| Toradh ar shócmhainní ag tús na bliana a thuilleamh | (97) | (80) |
| **Costais phinsin** | 36 | 41 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Fíor thoradh ar shócmhainní a bhfuil ioncam orthu** | 490 | 197 |

**Gluaiseacht clár comhardaithe dócmhainní glan**

| | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainn /(dócmhainn) ghlan ag tús na bliana | 131 | (336) |
| (Costais)/ sochair phinsin | (593) | 380 |
| Ranníocaíocht an fhostóra | 118 | 87 |
| (Dócmhainn)/ sócmhainn ghlan ag deireadh na bliana | (344) | 131 |

**Méid aitheanta sa chlár comhardaithe**

| | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Luach sócmhainní na scéime | 4,601 | 3,810 |
| Luach láithreach d'oibleagáidí fiachais | (4,945) | (3,679) |
| (Dócmhainn)/ sócmhainn ghlan ag deireadh na bliana | (344) | 131 |

**Dócmhainní na scéime**

| | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Fuílleach sa scéim ag tús na bliana | 3,679 | 4,164 |
| Costas serbhíse faoi láthair (glan ó ranníocaíochtaí na mball) | 38 | 33 |
| Costas úis | 95 | 88 |
| Síntiúis na mball | 23 | 23 |
| Sochair iníoctha | (88) | (12) |
| Caillteanas/ (gnóthacháin) achtúire | 1,198 | (617) |
| **Fuílleach na scéime ag deireadh na bliana** | 4,945 | 3,679 |

## 14. CÚLCHISTE DÓCMHAINNÍ AGUS MUIRIR - PINSIN (AR LEAN)

**Sócmhainní na scéime**

| | 2014 € '000 | 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Fuílleach sa scéim ag tús na bliana | 3,810 | 3,828 |
| Costas serbhíse faoi láthair (glan ó rannícaíochtaí na mball) | 97 | 80 |
| Rannícaíocht an fhostóra | 118 | 87 |
| Síntiúis na mball | 23 | 23 |
| Sochair iníoctha | (88) | (12) |
| (Caillteanas)/ gnóthacháin achtúire | 641 | (196) |
| **Fuílleach na scéime ag deireadh na bliana** | 4,601 | 3,810 |

Méideanna na tréimhse reatha agus na gceithre tréimhse roimhe sin

| | 2013 €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach d'oibleagáidí fiachais | (4,945) | (3,679) | (4,164) | (3,057) | (2,892) |
| Luach Iomlán na Sócmhainní | 4,601 | 3,810 | 3,828 | 3,119 | 3,129 |
| (Easnamh) barrachas sa scéim | (344) | 131 | (336) | 62 | 237 |
| Taithí oiriúnaithe ar dhócmhainní | 85 | 301 | (65) | 167 | 339 |
| Taithí oiriúnaithe ar shócmhainní | 359 | (130) | 312 | 2 | 169 |
| Iomlán laghdú tar éis glacadh le caighdéan FRS17 | (1,813) | | | | |

## 15. CREIDMHEASÓIRÍ AGUS COSTAIS FHABHRAITHE

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2014 | 2013 | 2014 | 2013 |
| | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 |
| Creidmheasóirí | 162 | 153 | 159 | 151 |
| Méid iníoctha le Cairde Gael-Linn Teoranta | - | - | 166 | 136 |
| Cáin Párolla | 31 | 23 | 31 | 23 |
| Costais fhabhraithe agus táillí réamhíoctha | 654 | 787 | 491 | 608 |
| | 847 | 963 | 847 | 918 |

## 16. RÉITIGH CHAILLTEANAIS OIBRIÚCHÁIN GO hEISREABHADH AIRGEAD GLAN Ó GHNÍOMHÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Barrachas oibriúcháin | 138 | 113 |
| Dímheas | 35 | 33 |
| Laghdú (Méadú) na bhfiachóirí | 112 | (25) |
| Laghdú na gcreidmheasóirí | (116) | (40) |
| Méadú stoic | (4) | (3) |
| Ús isteach | (29) | (48) |
| Scéim pinsin (lúide sócmhainn achtúire) | (82) | (46) |
| | 54 | (16) |

## 17. GNÓTHACHÁN AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AR MHAOINE

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Ús isteach | 29 | 48 |
| | 29 | 48 |

## 18. COSTAIS CHAIPITIL AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Ceannacháin sócmhainní seasta | (39) | (17) |
| | (39) | (17) |

## 19. ANAILÍS AR ATHRUITHE FIACHA GLAN

| | 2013 | Sreabhadh Airgid | 2014 |
|---|---|---|---|
| | € '000 | € '000 | € '000 |
| Airgead ar lámh agus sa bhanc | 3,032 | 44 | 3,076 |
| | 3,032 | 44 | 3,076 |

## 20. RÁITEAS AR GHLUAISEACHT CÚLCHISTÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

| | Grúpa | |
|---|---|---|
| | Sochair agus dochair 2014 | Sochair agus dochair 2013 |
| | € '000 | € '000 |
| Fuílleach ag tús na bliana | 8,219 | 7,367 |
| Brabús na tréimhse airgeadais | 138 | 113 |
| Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí | 372 | 318 |
| Scéim pinsin - (caillteanas)/ brabús achtúire aitheanta | (557) | 421 |
| Fuílleach ag deireadh na bliana | 8,172 | 8,219 |

| | Cuideachta | |
|---|---|---|
| | Sochair agus dochair 2014 | Sochair agus dochair 2013 |
| | € '000 | € '000 |
| Fuílleach ag tús na bliana | 8,136 | 6,385 |
| Brabús na tréimhse airgeadais | 138 | 1,012 |
| Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí | 372 | 318 |
| Scéim pinsin - (caillteanas)/brabús achtúire aitheanta | (557) | 421 |
| Fuílleach ag deireadh na bliana | 8,089 | 8,136 |

## 21. CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| Ag tús na bliana | 1,337 | 387 |
| Gluaiseacht i rith na bliana | - | 950 |
| Ag deireadh na bliana | 1,337 | 1,337 |

## 22. FOCHUIDEACHTA

Is cumann carthannachta é Cairde Gael-Linn Teoranta (cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal) atá cláraithe in Eireann (uimhir charthannacta CHY6647). Fondúireacht náisiúnta í a bhfuil mar phríomhaidhm aici an Ghaeilge agus oidhreacht dhúchasach na hÉireann a neartú agus a leathnú. Tá an oifig chláraithe ag 35 Sráid an Dáma, Báile Átha Cliath 2.

## 23. LÉIRIÚ FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA SNA RÁITIS AIRGEADAIS

Athraíodh léiriú figiúirí comparáideacha áirithe sna ráitis airgeadais chun géilleadh d'fhigiúirí na bliana seo.